# Fadhb leis an Inneall Níocháin

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí - Sonraí a aithint agus a léirmhíniú |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Réitigh ar fhadhbanna a aithint<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sórtáil, grúpa/grúpaí, éadaí, inneall níocháin, tacair, ciseán, coitianta, is lú, is mó, difríocht |
| **Áiseanna** | cearnóga páipéir, criáin, pinn luaidhe, páipéar cairte, gliú |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tá an ceacht seo bunaithe ar chéimeanna na sraithe PPDAC
https://nzmaths.co.nz/category/glossary/statistical-enquiry-cycle

### 1 Gníomhaíocht 1

Bhí Mol Mata ar saoire agus bhí cás lán le héadaí aige. Tugann an múinteoir cearnóg páipéir do gach dalta agus tarraingíonn agus dathaíonn siad ball éadaigh amháin.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cuireann an múinteoir an fhadhb seo a leanas i láthair don rang agus iarrann sé ar na daltaí critéir a shocrú chun na héadaí a shórtáil. Tháinig Mol Mata ar ais óna chuid saoire agus caithfidh sé na héadaí a ní. Ní rachaidh na héadaí ar fad san inneall níocháin ag aon am amháin. Mar sin, caithfidh sé iad a chur i gciseáin níocháin agus iad a ní ceann ar cheann.

### 3 Gníomhaíocht 3

Sórtálann daltaí na héadaí a rinne siad agus déanann siad picteagram.

### 4 Gníomhaíocht 4

Pléann an múinteoir an graf leis na daltaí.

### 5 Gníomhaíocht 5

Socraíonn na daltaí ar an tslí ar cheart do Mol Mata na héadaí a shórtáil don inneall níocháin. Déanann an múinteoir agus na daltaí liosta le chéile do gach ualach níocháin agus míníonn siad an fáth a bhfuil na héadaí grúpáilte ar shlí faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an cineál éadaigh is coitianta?<br>• Cad é an cineál éadaigh is neamhchoitianta?<br>• Cé mhéad x níos mó ná y atá ann?<br>• Cé mhéad x agus y atá ann san iomlán?<br>• Cé mhéad x níos lú ná y atá ann?<br>• Cé mhéad ciseán éadaigh atá ann? | • Conas ba chóir do Mol Mata na héadaí a shórtáil? Cén fáth?<br>• An síleann tú go bhfuil ciseáin níocháin na ndaltaí eile cosúil le ciseán níocháin Mol Mata?<br>• Conas atá do chiseán níocháin sa bhaile cosúil agus difriúil le ciseán Mol Mata?<br>• Dá rachadh Mol chuig an siopa éadaigh agus dá gceannódh sé ball éadaigh nua amháin, cad é a cheannódh sé i do thuairim? Cén fáth?<br>• An bhfuil bealaí eile ann na héadaí a shórtáil? Conas?<br>• An féidir leat bealaí eile a mholadh do Mol Mata chun na héadaí a shórtáil? Mínigh an tslí chun é a dhéanamh agus an fáth.<br>• An bhfuil níos mó x nó y ann? Conas atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Is féidir le daltaí a chríochnaíonn go luath treoracha a scríobh maidir leis an mbealach chun an níochán a dhéanamh.